WAB

Water Advisory Body

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021



Clár

Ráiteas ón gCathaoirleach 4

Achoimre Feidhmiúcháin 5

Comhaltas WAB 6

Beathaisnéisí na gComhaltaí 7

Táillí 9

Gníomhaíochtaí 10

Gníomhaíochtaí Eile 15

Acmhainní & Caiteachas 17

Aguisíní:

- Tinreamh ag Cruinnithe 18
- Téarmaí Tagartha 19

An Cathaoirleach **Paul McGowan**

Ráiteas ón gCathaoirleach

Is í seo an tríú tuarascáil bhliantúil de chuid WAB agus tagann sí tráth in bhfuil tóir ar ról WAB agus ina bhfuil obair luachmhar foilsithe agus déanta aige agus leanann sé le plean oibre uaillmhianach a dhéanamh.

Bunaíodh WAB in 2018 ina Chomhlacht Stáit neamhspleách. Tá dhá phríomhról ag WAB. Is é an chéad ról tuairisc a dhéanamh ar chomh maith agus atá Uisce Éireann ag feidhmiú agus is é an dara ról cuidiú le muinín an phobail in Uisce Éireann a mhéadú.

Ullmhaíonn WAB tuarascálacha ráithiúla reachtúla maidir le hUisce Éireann don Oireachtas. Sna tuarascálacha seo leagtar amach tuairim an Chomhlachta i leith chomh maith agus atá Uisce Éireann ag feidhmiú i gcoinne an Phlean Maoinithe Straitéisigh atá aige. Tá WAB ag féachaint leis an eolas atá ina thuarascálacha a chur i láthair agus úsáid á baint aige as teanga shimplí agus nach bhfuil béarlagair inti, a oiread agus is praiticiúil, ar mhaithe le soiléireacht agus le simplíocht na tuisceana. Déanann sé gach iarracht a chinntiú go leanúnach go bhfuil na táscairí feidhmíochta fiúntach agus gur foinse luachmhar eolais agus fianaise iad.

I rith 2021, d'fhoilsigh WAB na sé thuarascáil a liostaítear thíos:

- Tuarascáil Ráithiúil WAB 1 2021
- Tuarascáil Ráithiúil WAB 2 2021
- Tuarascáil Ráithiúil WAB 3 2021
- Tuarascáil Ráithiúil WAB 4 2021
- Athbhreithniú ar nósanna imeachta soláthair Uisce Éireann
- Tuarascáil Bhliantúil 2020

In 2021, cé is moite de na tuarascálacha ráithiúla, rinne WAB breithniú ar nósanna imeachta soláthair Uisce Éireann agus choimisiúnaigh sé suirbhéanna áitiúla chun tuairimí chustaiméirí Uisce Éireann ar leith a fháil amach maidir leis an gcumarsáid a fhaigheann siad ó Uisce Éireann agus leis an teagmháil a dhéanann siad leis.

Is iad seo a leanas aidhmeanna an taighde spriocdhírithe seo:

1. Tuairimí a fháil maidir leis an gcumarsáid le custaiméirí agus leis an teagmháil a dhéanann Uisce Éireann leo ó thaobh na soiléireachta, na tráthúlachta, na héifeachtúlachta, na gairmiúlachta agus na taithí iomláine de.
2. Tuairim a fháil maidir leis an gcaoi ar mhaith le custaiméirí Uisce Éireann (idir chustaiméirí cónaithe agus chustaiméirí gnó) go ndéanfar cumarsáid leo amach anseo.

Foilseofar torthaí an tsuirbhé seo in 2022.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le hUisce Éireann, leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU), leis an bhFóram Uisce agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) as na hiarrataí éagsúla ar eolas a rinne WAB i rith 2021 a chomhlíonadh agus gabhaim buíochas leis na comhlachtaí, na gníomhaireachtaí agus na Ranna eile a thacaigh le WAB ina chuid oibre le linn na tréimhse sin.

Toisc go raibh srianta COVID 19 fós i bhfeidhm, b'éigean gach cruinniú WAB a reáchtáil go fíorúil i rith na bliana.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na comhaltaí boird eile as an obair luachmhar agus fhorleathan a rinne siad ó bhunú an chomhlachta.

Ba mhaith liom mo chuid buíochais a ghlacadh le Rúnaíocht WAB as a tacaíocht agus an obair chrua a rinne sí thar ceann an Chomhlachta.

Cheadaigh comhaltaí WAB an tuarascáil seo an 14 Aibreán 2022.

Paul McGowan
Cathaoirleach

14/04/2022

Achoimre Feidhmiúcháin

Bunaíodh WAB ar an 1 Meitheamh 2018.

Is é is cuspóir le WAB comhairle a thabhairt don Aire maidir le bearta atá ag teastáil chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar fhreagracht Uisce Éireann; agus chun tuairisc a thabhairt, ar bhonn ráithiúil, do Choiste Oireachtais maidir le feidhmíocht Uisce Éireann ina Phlean Maoinithe Straitéisigh a chur chun feidhme.

Roghnaíodh tacar táscairí feidhmíochta chun gníomhaíocht Uisce Éireann a léiriú i dtaca le comhlíonadh a fheidhmeanna. Déantar sonraí maidir leis na táscairí sin a chur i dtoll a chéile agus foilsítear iad mar chuid de thuarascálacha ráithiúla WAB chun eolas a chur ar fáil maidir le feidhmíocht. Tá an t-eolas seo ábhartha d'Uisce Éireann é féin, chun a fheidhmíocht féin a rianú i gcaitheamh ama, agus chun eolas a thabhairt don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta agus don Oireachtas maidir le feidhmíocht Uisce Éireann. Rinneadh roinnt mionleasaithe ar na táscairí sin in 2021 agus mar sin beidh na táscairí athbhreithnithe ina gcuid de thuarascálacha 2022.

Leagtar amach feidhmeanna WAB i gCuid a Seacht den Acht um Sheirbhísí Uisce 2017 atá le fáil ar láithreán gréasáin Leabhar Reachtúil na hÉireann: **http://www.irishstatutebook.ie**

Is doiciméad poiblí é Plean Maoinithe Straitéisigh Uisce Éireann agus tá sé le fáil ar láithreán gréasáin: **www.water.ie**

Ullmhaítear gach tuarascáil don Oireachtas agus foilsítear ar láithreán gréasáin WAB iad: **www.wateradvisorybody.ie**

Comhaltas WAB

Leagtar amach go reachtúil gur cúigear comhaltaí ar a íosmhéid a bheidh ag WAB.

Tá taithí mhór ag na comhaltaí ceaptha a sheasann dóibh ina gcuid oibre in WAB lena n-áirítear taithí rialúcháin, taithí dhlíthiúil, taithí le tomhaltóirí, taithí iniúchóireachta agus taithí comhshaoil. Ag deireadh 2021 bhí cúigear comhaltaí boird in WAB.

Is iad seo a leanas na comhaltaí reatha agus na dátaí arna gceapadh:

		Dáta ceaptha	Deireadh an Téarma
Cathaoirleach	Paul McGowan	01/06/2018	31/05/2023
Comhaltaí	Miriam McDonald	14/12/2018	13/12/2023
	Martin Sisk	14/12/2018	13/12/2023
	Michelle Minihan	28/11/2019	31/05/2023
	Donal Purcell	06/11/2020	31/05/2023

Bhí cóimheas fir le mná 60% le 40% ag WAB ag deireadh 2021. Tá an chothromaíocht agus an éagsúlacht inscne ina gcuid lárnach de phróiseas an cheapacháin agus leanfar ar aghaidh de bhreithniú a dhéanamh orthu do gach ceapachán a dhéantar do WAB.

Beathaisnéisí na gComhaltaí

An Cathaoirleach
Paul McGowan

An Cathaoirleach, Paul McGowan

Dátaí an Téarma: ***an 1 Meitheamh 2018 – an 31 Bealtaine 2023***

Tá an Dr. McGowan ina Choimisinéir leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais ó bhí 2013 ann agus bhí sé ina Chathaoirleach idir Feabhra 2017 agus Feabhra 2020.

I measc na bpríomhfhreagrachtaí laistigh de CRU atá aige tá an rialúchán uisce agus an tsábháilteacht fuinnimh. Thosaigh Paul ag obair le CRU in 2000 agus roimhe sin bhí sé ina Stiúrthóir Sábháilteachta, ina Stiúrthóir ar na Margaí Fuinnimh Uile-Oileánda, ina Cheann Gáis agus ina Anailísí Sinsearach (i Margaí Rialaithe Gáis agus i Margaí Leictreachais).

Sular thosaigh sé ag obair le CRU, bhí Paul ag obair san earnáil ola & gáis amach ón gcósta, san earnáil oideachais agus san earnáil tógála roimhe seo freisin. Is Suirbhéir Cairte é Paul ó thaobh gairme de agus tá PhD bainte amach aige i réimse na Bainistíochta Tógála/Innealtóireachta.

Miriam McDonald

Miriam McDonald

Dátaí an Téarma: ***an 14 Nollaig 2018 – an 13 Nollaig 2023***

Is Stiúrthóir Margaíochta/Speisialtóir maidir le Barr Feabhais Custaiméirí í Miriam McDonald atá gairmiúil agus a bhfuil taithí aici agus ardchumas oibre aici. D'oibrigh sí i réimse tionscal difriúil idir thionscal na seirbhísí gairmiúla agus tionscal gnólacht le gnólacht (B2B). Tá taithí ar leith aici i réimse na bhfóntas ó bheith ag obair ina Ceann Bainistíochta Custaiméara, ESB, agus ina Speisialtóir Cumarsáide d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) maidir leis an bhfuinneamh náisiúnta agus le trialacha gáis. Ina theannta sin, chuir sí go mór le roinnt cuideachtaí i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh, i réimse an fhuinnimh in-athnuaite agus i réimse na hinbhuanaitheachta.

Martin Sisk

Martin Sisk

Dátaí an Téarma: ***an 14 Nollaig 2018 – an 13 Nollaig 2023***

Tá Baitsiléir Dlíthe bainte amach ag an Uasal Sisk agus is aturnae é ó thaobh gairme de. Bhí sé ag obair do na Coimisinéirí Ioncaim roimhe seo, agus chaith sé formhór a ghairme ag obair le cúrsaí Rialúcháin idir an rialúchán airgeadais agus rialúchán eile agus é ina Chláraitheoir ar na Cara-Chumainn agus ina dhiaidh sin bhí sé ina oifigeach sinsearach i mBanc Ceannais na hÉireann. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Vhi Healthcare roimhe sin agus is Cathaoirleach é ar Údarás Maoirseachta na hÉireann maidir le hIniúchóireacht agus Cuntasaíocht (IAASA) faoi láthair.

Beathaisnéisí na gComhaltaí

Michelle Minihan

Michelle Minihan

Dátaí an Téarma: *an 28 Samhain 2019 - an 31 Bealtaine 2023*

Thosaigh an Dr. Minihan ag obair leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i mí Aibreáin 2018, ina mbíonn sí i gceannas ar fhoireann an uisce óil laistigh den Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil. Tá Michelle freagrach as Uisce Éireann a rialú, ag cinntiú go ndéanann caighdeán an uisce óil a sholáthraítear tríd an soláthar poiblí i bPoblacht na hÉireann na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh.

Is comhalta de Shainghrúpa an Aontais Eorpaigh um Uisce Óil í an Dr. Minihan agus d'oibrigh sí ar an Treoir um Uisce Óil a athmhúnlú.

Tar éis di PhD sa Cheimic a dhéanamh in Ollscoil Luimnigh, d'oibrigh an Dr. Minihan sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí sular thosaigh sí ag obair le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, áit ar oibrigh sí ann le breis agus 10 mbliana agus í ag obair i róil éagsúla.

Donal Purcell

Donal Purcell

Dátaí an Téarma: *an 6 Samhain 2020 – an 31 Bealtaine 2023*

Tá céim Baitsiléara Eolaíochta & Oideachais bainte amach ag Dónal Purcell. D'oibrigh sé i réimsí an Oideachais, na Forbartha Áitiúla, an Rialtais Áitiúil agus tá sé ag obair ina Cheann Feidhmiúcháin leis an bhFóram Uisce faoi láthair.

Bunaíodh an Fóram Uisce ina chomhlacht reachtúil i Meitheamh 2018 chun rannpháirtíocht agus plé na bpáirtithe leasmhara a éascú maidir le ceisteanna a bhain le huisce a bheith ina acmhainn, le caighdeán an uisce, le ceisteanna a raibh tionchar acu ar chustaiméirí Uisce Éireann agus le ceisteanna a bhain leis an gCreat-Treoir Uisce a chur chun feidhme. Tá 26 ionadaí san Fhóram a thagann as réimse leathan eagraíochtaí a mbíonn ceangail dhíreacha acu le ceisteanna a bhaineann le caighdeán an uisce.

Táillí

Ex-officio atá i dtriúr comhaltaí de chomhaltaí WAB lena n-áirítear an Cathaoirleach, rud a chiallaíonn nach bhfaigheann siad táille.

€5,985.00 is ea an táille bhliantúil is iníoctha leis na comhaltaí WAB sin a bhfuil táille dlite dóibh.

Cuireann WAB an prionsabal "Duine Amháin Tuarastal Amháin" chun feidhme i ndáil le táillí na gcomhaltaí do sheirbhísigh phoiblí na hÉireann a íoc.

Íoctar as speansais taistil agus cothabhála a thabhaítear de réir ghnáthrátaí na státseirbhíse. Ta na rátaí is infheidhme in 2021 le fáil ar https://www.revenue.ie/en/employing-people/employee-expenses/travel-and-subsistence/index.aspx

Cuirtear tábla ar fáil in Aguisín 1 ina liostaítear tinreamh na gcomhaltaí ag cruinnithe WAB in 2021.

Gníomhaíochtaí

Reáchtáil WAB 12 cruinniú boird in 2021.

Foilsítear miontuairiscí na gcruinnithe Boird ar www.wateradvisorybody.ie

Bhuail WAB le roinnt comhlachtaí agus gníomhaireachtaí in 2021 lena n-áirítear Uisce Éireann agus an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta agus an Coimisiún um Rialáil Fóntais.

In 2021, d'fhoilsigh WAB ceithre thuarascáil i dtaca lena bhfeidhmíocht i leith athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Maoinithe Straitéisigh atá á chur chun feidhme ag Uisce Éireann:

- Tuarascáil Ráithiúil WAB 1 2021
- Tuarascáil Ráithiúil WAB 2 2021
- Tuarascáil Ráithiúil WAB 3 2021
- Tuarascáil Ráithiúil WAB 4 2021



Tuarascáil Ráithiúil WAB 1 2021

Ba í seo an cúigiú tuarascáil ráithiúil a d'fhoilsigh WAB, agus an chéad tuarascáil in 2021 maidir leis an bhfeidhmíocht atá aige i leith athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Maoinithe Straitéisigh atá á chur chun feidhme ag Uisce Éireann.

Mar gheall gurb é is cuspóir le WAB comhairle a thabhairt don Aire maidir le bearta atá de dhíth chun feabhas a chur thrédhearcacht agus ar fhreagracht Uisce Éireann; agus chun tuairisc a thabhairt, ar bhonn ráithiúil, do Choiste Oireachtais maidir le feidhmíocht Uisce Éireann ina Phlean Maoinithe Straitéisigh a chur chun feidhme, roghnaíodh tacar táscairí feidhmíochta chun gníomhaíocht Uisce Éireann a léiriú i dtaca le comhlíonadh a fheidhmeanna.

Déantar sonraí maidir leis na táscairí sin a chur i dtoll a chéile agus foilsítear iad mar chuid de thuarascálacha ráithiúla WAB chun eolas oibiachtúil a chur ar fáil maidir le feidhmíocht.

Tá an t-eolas seo ábhartha d'Uisce Éireann é féin, chun a fheidhmíocht féin a rianú i gcaitheamh ama, agus chun eolas a thabhairt don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta agus don Oireachtas maidir le feidhmíocht Uisce Éireann.

Is iad seo a leanas roinnt de thorthaí na tuarascála:

An Scéim 'Deisigh ar dTús'

Táthar ag súil go dtabharfar isteach an Beartas um Chaomhnú Uisce Tí (Táillí Úsáide Iomarcaí)in 2021, agus táthar ag súil go n-eiseofar na chéad bhillí ag deireadh na bliana 2022 nó in 2023. Tá WAB ag súil go ndéanfaidh sé seo custaiméirí a spreagadh leas a bhaint as an Scéim 'Deisigh ar dTús Saor in Aisce' agus go ndéanfar líon deisiúchán sceite níos mó sa todhchaí.

Liosta na nGníomhartha Feabhais (Uisce)

Léiríodh sna figiúirí treocht a bhí ag laghdú go ginearálta i líon na soláthairtí uisce óil atá ar an liosta agus sa daonra a bhfreastalaíonn na soláthairtí air araon, athraíodh é seo áfach le soláthar Léim an Bhradáin a chur le Liosta na nGníomhartha Feabhais do Ráithe 3 2019. Cuireann WAB fáilte roimh an dul chun cinn a rinneadh in 2020 ach luann sé go bhfuil naoi soláthar ar Liosta na nGníomhartha Feabhais ag deireadh Ráithe 4 2020 nár chuir Uisce Éireann dáta comhlánaithe ar aghaidh dóibh.

Naisc seirbhísí luaidhe

Luann WAB go ndearna Uisce Éireann an sprioc 1,100 a bhí aige a shárú le haghaidh 2020 maidir le naisc luaidhe a athsholáthar trí 3,025 nasc luaidhe a athsholáthar. Faoi gháthchúinsí tá WAB ag súil go leanfar ar aghaidh le naisc luaidhe a athsholáthar go dtí dáta an chomhlánaithe arb é 2026. Níl sé ar intinn ag Uisce Éireann áfach, ach 7% de na naisc luaidhe ar an taobh poiblí atá fágtha a athsholáthar faoi 2024, rud a chiallaíonn nach dócha go mbainfidh sé an sprioc atá aige amach gach seirbhís luaidhe a athsholáthar faoi 2026.

Fógraí maidir le hUisce a Fhiuchadh

Ag deireadh Ráithe 4 2020, bhí fógraí maidir le huisce a fhiuchadh ag 1,335 duine ar laghdú mór é sin ar an daonra a raibh fógraí maidir le huisce a fhiuchadh acu ag deireadh na ráithe roimhe sin (14,951 duine a bhí i gceist). Cuireann WAB fáilte roimh an laghdú sin. Den chuid is mó, is é is cúis leis an laghdú i líon na ndaoine a bhfuil Fógra maidir le hUisce a Fhiuchadh acu ag deireadh Ráithe 4 2020 gur baineadh Fógra fadtéarmach maidir le hUisce a Fhiuchadh de Sholáthar Uisce Poiblí Loch Tailt i mí na Nollag 2020. Ag deireadh Ráithe 4 2020, ní raibh ach ceann amháin de na 14 Fógra maidir le hUisce a Fhiuchadh (a d'fhreastail ar 1,335 duine) i bhfeidhm ar feadh tréimhse níos lú ná 30 lá.

Tugann WAB faoi deara agus imní air fós na treochtaí d'Fhógraí fadtéarmacha maidir le hUisce a Fhiuchadh ar chuir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil béim orthu agus leanfaidh sé de bheith ag deanamh monatóireacht ar dhul chun cinn Uisce Éireann chun cinntiú go mbíonn Fógraí maidir le hUisce a Fhiuchadh i bhfeidhm ar feadh tréimhse chomh gearr agus is féidir.

Tá an tuarascáil iomlán le fáil ar **www.wateradvisorybody.ie**



Tuarascáil Ráithiúil WAB 2 2021

Ba é seo an séú tuarascáil Ráithiúil a d'fhoilsigh WAB, agus an dara tuarascáil in 2021. Mar aon le gach tuarascáil ráithiúil, tugtar léargas inti ar phríomhthéamaí atá ag teacht chun cinn maidir le feidhmíocht Uisce Éireann agus breithnítear ar na moltaí don Aire agus don Oireachtas araon, i gcomhréir le feidhmeanna reachtúla.

Is torthaí suntasacha iad na torthaí seo a leanas ón tuarascáil:

An Scéim 'Deisigh ar dTús Saor in Aisce'

Tá laghdú leanúnach agus díomách tagtha ar líon iomlán na ndeisiúchán luaidhe a rinneadh faoin scéim ó lár 2016. Measann WAB le tabhairt isteach an Bheartais um Chaomhnú Uisce Tí (Táillí Úsáide Iomarcaí) in 2021, a bhfuil coinne ann go n-eiseofar na chéad bhillí in 2021, go mbeidh líon deisiúcháin sceite níos mó ann amach anseo mar thoradh air. Chuir WAB fáilte roimh an gcinneadh ó CRU a foilsíodh in Aibreán 2021 chun cead a thabhairt do chustaiméirí intíre a bhí neamh-incháilithe roimhe seo leas a bhaint as an scéim seo.

Liosta na nGníomhartha Feabhais (Uisce)

Rinneadh an dul chun cinn a bhí á dhéanamh in 2020 a aisiompú sa Ráithe dheireanach de 2021 agus méadú tagtha ar dhá sholáthar. Faoi láthair, tá 48 soláthar ar Liosta na nGníomhartha Feabhais.

Liosta na gCeantar Uirbeach Tosaíochta

Tháinig glanlaghdú 16 i líon na gCeantar Uirbeach Tosaíochta le bliain anuas. In 2020 níor baineadh amach caighdeáin an Aontais Eorpaigh, a leagtar amach chun an chomhshaol a chosaint, i leith cóireáil fuíolluisce in 12 baile mór agus cathair. Tugann WAB imní na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar aird go leanfaidh 12 baile agus baile beag de bheith ag sceitheadh amhséarachais i ndiaidh 2024 de bharr tuilleadh moilleanna i gcóireáil a sholáthar mar nach mbeidh siad nasctha le stáisiún cóireála uisce fós.

Naisc seirbhíse luaidhe

Luann WAB gur sháraigh Uisce Éireann an sprioc atá aige do 2020 maidir le naisc luaidhe a athsholáthar. I rith Ráithe 1, 2021, rinne Uisce Éireann 592 nasc seirbhíse luaidhe a athsholáthar. Leis an dul chun cinn a rinneadh i Ráithe 1, 2021 léiríodh gur tháinig moill shuntasach ar an dul chun cinn i gcomparáid leis an dul chun cinn a rinneadh roimhe sin. Tugadh ar aird chomh maith nach bhfuil Uisce Éireann ag súil ach 7% de na naisc luaidhe ar an taobh poiblí atá fanta a athsholáthar faoi 2024, ag tabhairt le fios nach mbainfidh sé an sprioc atá aige gach seirbhís luaidhe a athsholáthar faoi 2026 amach.

Fógraí maidir le hUisce a Fhiuchadh

Nuair a chuaigh Uisce Éireann i bhfeighil na soláthairtí uisce in 2014 leag sé sprioc amach deireadh a chur leis na fógraí maidir le huisce a fhiuchadh. Tugann WAB faoi deara an laghdú a tháinig ar líon na dtomhaltóirí a bhfuil fógra maidir le huisce a fhiuchadh acu ag deireadh Ráithe 1 2021. Tugann WAB faoi deara, áfach, imní na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil go raibh gach ceann de na 17 fógra a bhí i bhfeidhm ag deireadh Ráithe 1 2021 ina bhfógraí "fadtéarmacha" maidir le huisce a fhiuchadh, rud a chiallaíonn go raibh an fógra i bhfeidhm ar feadh tréimhse níos faide ná 30 lá.

Ceadúnais sceite na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil á gcomhlíonadh ag na Stáisiúin Cóireála Fuíolluisce Uirbeacha (UWWT)

Ar an iomlán, tá comhlíonadh cheadúnais sceite na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil fós an-íseal agus tháinig laghdú beag ar chéatadán na gceantar uirbeach atá ag baint chaighdeáin an cheadúnais amach. Cuireadh tús le caighdeáin ní ba dhéine a chur i bhfeidhm i roinnt ceantair uirbeacha ag tús 2020 agus d'fhéadfadh sé gur chuir siad leis an laghdú seo sa chomhlíonadh. Ainneoin sin, tá méadú tagtha ar chéatadáin an daonra a bhfreastalaíonn na stáisiúin orthu a bhí ag comhlíonadh na gceadúnas ó 25% go dtí 28%. Is é an príomhchúinse go bhfuil ráta comhlíonta ísil de réir choibhéis an daonra fós ann mar gheall nár cóireáladh an fuíolluisce go sásúil sa Rinn.

Ar na forbairtí eile a bhí sa tuarascáil bhí na forbairtí seo a leanas:

1. Páipéar Beartais maidir leis an Earnáil Uisce a Athrú
2. Athbhreithniú ar Bheartais
3. Soláthair Uisce Éireann

Is féidir tuarascáil iomlán na nAcmhainní Uisce Náisiúnta a fháil ar **www.wateradvisorybody.ie**



Tuarascáil Ráithiúil WAB 3 2021

Foilsíodh an seachtú tuarascáil ráithiúil de chuid WAB agus an tríú ceann in 2021 i mí na Samhna 2021. Tugann WAB faoi deara agus imní air, dhá eachtra shuntasacha a raibh tionchar acu ar uisce óil i Lúnasa 2021 i stáisiúin cóireála uisce óil an Bhaile Mhóir agus Ghuaire.

Is torthaí suntasacha iad na torthaí seo a leanas ón tuarascáil:

An Scéim 'Deisigh ar dTús Saor in Aisce'

Tá laghdú leanúnach tagtha ar líon na ndeisiúchán sceite a dhéanann custaiméirí, agus rinne custaiméirí an líon deisiúchán sceite is mó go dtí seo i Ráithe 3 2016, agus rinneadh an líon is lú i Ráithe 2 2020. Cuireann WAB fáilte roimh thabhairt isteach an Bheartais um Chaomhnú Uisce Tí áfach, a bhfuil sé ag súil go ndéanfaidh sé seo custaiméirí a spreagadh leas a bhaint as an Scéim 'Deisigh ar dTús Saor in Aisce'.

Liosta na nGníomhartha Feabhais (Uisce)

Tá imní ar WAB maidir le Liosta na nGníomhartha Feabhais, a raibh 53 soláthar uisce ann ag deireadh Ráithe 2, 2021, ar méadú cúig sholáthar é sin óna tuarascáil dheireanach. Bhí laghdú sa daonra ar fhreastail na soláthairtí atá ar Liosta na nGníomhartha Feabhais orthu ar cuireadh fáilte roimhe mar gheall den chuid is mó Léim an Bhradáin a bhaint ón liosta.

Naisc seirbhísí luaidhe

Cuireann WAB fáilte roimh réamhfhaisnéis Uisce Éireann go sáróidh sé an sprioc atá aige do 2021 naisc luaidhe a athsholáthar agus an buiséad a shanntar do na hoibreacha sin a mhéadú. Tugann WAB faoi deara áfach, gur beag seans atá ann go mbainfidh Uisce Éireann an sprioc atá aige gach seirbhís luaidhe a athsholáthar faoi 2026 amach.

Fógraí maidir le hUisce a Fhiuchadh

Chuir WAB an imní atá air in iúl faoi fhad na bhfógraí maidir le huisce a fhiuchadh, agus 'fógraí fadtéarmacha' á dtuairisciú sna seacht ráithe dheireanacha (ar fhógraí iad a bhí i bhfeidhm ar feadh tréimhse ní b'fhaide ná 30 lá). Ba mhaith le WAB fógraí maidir le huisce a fhiuchadh a bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse chomh gearr agus is féidir. Luann WAB gur tháinig méadú ar líon na ndaoine a raibh tionchar ag na fógraí seo orthu ag deireadh Ráithe 3, 2021 ón tuarascáil dheireanach.

Ar na forbairtí eile a bhí sa tuarascáil bhí na forbairtí seo a leanas:

1. **Cinneadh ó CRU maidir leis an gCreat Measúnaithe ar Fheidhmíocht Uisce Éireann 2020-2024** – Cuireann WAB fáilte roimh an athbhreithniú a rinne an Coimisiún um Rialáil Fóntais agus roimh Chreat Measúnaithe Uisce Éireann 2020-2024 is déanaí ina leagtar amach na réimsí seirbhíse, an mhéadracht ar leith agus leibhéil spriocdhírithe na feidhmíochta a úsáidfidh sé chun monatóireacht a dhéanamh ar Uisce Éireann.
2. **Tuarascáil Táscaire EPA maidir le Caighdeán an Uisce in 2020** – Cuireann WAB fáilte roimh thuarascáil atá foilsithe ag an nGníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ina ndéantar measúnú ar chaighdeán lochanna, aibhneacha, inbhir agus screamhuisce na hÉireann. Tugann WAB faoi ndeara an t-ábhar imní atá sa tuarascáil go bhfuil caighdeán uisce na hÉireann i mbaol an truaillithe nítrigine ó earnáil na talmhaíochta.
3. **Stáisiúin Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir agus Ghuaire** – Tuarascáil Achoimre EPA ar an dá cheann acu.

Tá an tuarascáil iomlán le fáil ar **www.wateradvisorybody.ie**



Tuarascáil Ráithiúil WAB 4 2021

Foilsíodh an t-ochtú tuarascáil ráithiúil de chuid WAB agus an ceathrú ceann in 2021 i mí na Nollag 2021. Sa tuarascáil seo díríodh ar na hathruithe a rinneadh ar cheithre cinn de na Táscairí Feidhmíochta agus ar thuarascálacha maidir le hathbhreithniú a rinne EPA agus CRU freisin.

Is iad seo a leanas roinnt de phríomhthorthaí na tuarascála seo:

Liosta na nGníomhartha Feabhais (Uisce)

Tháinig méadú ar líon na soláthairtí uisce atá ar Liosta na nGníomhartha Feabhais (55) de dhá cheann ón tuarascáil dheireanach. Freastalaíonn na 55 soláthar seo ar 455,097 tomhaltóir anois, ar méadú 11,282 tomhaltóir é sin ó Ráithe 2 2021.

Naisc seirbhísí luaidhe

Tá Uisce Éireann ar an mbóthar ceart leis an sprioc atá aige do 2021 gach nasc luaidhe a athsholáthar a bhaint amach. Tugann WAB faoi deara áfach de bharr na sprice atá ag Uisce Éireann 7% sa bhreis de na naisc luaidhe ar an taobh poiblí atá fanta a athsholáthar faoi 2024, gur beag seans atá ann go mbeidh Uisce Éireann in ann na spriocanna maidir le gach seirbhís luaidhe a athsholáthar faoi 2026 a bhaint amach.

Fógraí maidir le hUisce a Fhiuchadh

Thug WAB faoi deara agus imní air an méadú atá tagtha ar líon na ndaoine a bhfuil fógraí maidir le huisce a fhiuchadh acu ón Ráithe dheireanach agus an tréimhse ama ina raibh na fógraí seo i bhfeidhm (a raibh formhór dóibh i bhfeidhm ar feadh tréimhse ní b'fhaide ná 30 lá ar fad). Ba mhaith le WAB fógraí maidir le huisce a fhiuchadh a bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse chomh gearr agus is féidir – beidh infheistíocht shuntasach ó Uisce Éireann ag teastáil ina leith sin.

Caighdeán an Uisce

Fuair WAB amach go bhfuil leibhéal comhlíonta na gcaighdeán micribhitheolaíochta ard de ghnáth, a d'fhan ar leibhéal 99% le linn na tréimhse 2014-2020. Tuairiscíodh trí chás in 2020 áfach nár chomhlíon na caighdeáin E.coli. Leanann WAB de bheith ag déanamh monatóireacht ar rath Uisce Éireann i líon na soláthairtí uisce poiblí nach gcomhlíonann na caighdeáin mhicribhitheolaíochta a laghdú.

Ar na forbairtí eile a bhí sa tuarascáil bhí na forbairtí seo a leanas:

1. Imscrúdú Comhlíontachta CRU ar an gcaoi a láimhseálann Uisce Éireann na fadhbanna a thagann chun cinn i Scéim Soláthair Uisce Poiblí Choill an Chollaigh
2. **An Creat Taraife Tráchtála** – Cuireann WAB fáilte roimh an gCreat Taraife Tráchtála nua a tugadh isteach an 1 Deireadh Fómhair 2021 ina gcuirtear táillí uisce comhchuibhithe, trédhearcacha, costas-léiritheacha agus cothroma chun feidhme do ghnóthaí ar fud na tíre.

Tá an tuarascáil iomlán le fáil ar **www.wateradvisorybody.ie**

Gníomhaíochtaí Eile

Cruinnithe

Reáchtáil WAB roinnt cruinnithe eile seachas na cruinnithe boird in 2021. Tá taifead déanta ar na mionsonraí ar an láithreán gréasáin agus is iad sin a leanas:

22 Eanáir 2021 - Cruinniú le CRU

17 Feabhra 2021 - Cruinniú le Ernst and Young (EY) agus le hUisce Éireann.

4 Márta 2021 - Cruinniú leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta.

15 Meitheamh 2021 - Cruinniú le hUisce Éireann chun uasdátú foriomlán a thabhairt ar an Athbhreithniú ar nósanna imeachta soláthair Uisce Éireann.

13 Deireadh Fómhair 2021 - Cruinniú le CRU chun cur i láthair na bPríomhtháscairí Feidhmíochta (KPIanna) do na tuarascálacha ráithiúla a phlé.

Athbhreithniú ar nósanna imeachta soláthair agus conartha Uisce Éireann

Cuireadh tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe agus nósanna imeachta soláthair Uisce Éireann in 2020. D'aontaigh na Comhaltaí go mbeadh na trí réimse seo a leanas ina mbonn don athbhreithniú:

- Tá polasaithe agus nósanna imeachta soláthair iomchuí i bhfeidhm ag Uisce Éireann agus déanann sé iad a thabhairt chun críche;
- Tá polasaithe agus nósanna imeachta soláthair iomchuí maidir le conarthaí a bhainistiú i bhfeidhm ag Uisce Éireann agus déanann sé iad a thabhairt chun críche;
- Tá polasaithe agus nósanna imeachta pleanála iomchuí maidir leis an infheistíocht chaipitil/leis an soláthar i bhfeidhm ag Uisce Éireann agus déanann sé iad a thabhairt chun críche.

Nuair a bhí CRU ag déanamh achoimre ar chlár infheistíochta caipitil Uisce Éireann, d'aontaigh na Comhaltaí go ndíreofaí ar an gcéad dá réimse in obair WAB ar dtús agus ina dhiaidh sin go mbreithneodh sé an tríú réimse nuair a bheadh achoimre Infheistíochta Caipitil CRU curtha i gcrích.

Díríodh san achoimre ar na modheolaíochtaí a úsáideann Uisce Éireann maidir le soláthar agus le héifeachtúlacht agus comhlíonadh a bpolasaithe soláthair. Rinneadh Céim 1 den achoimre trí sholáthróir seirbhíse sheachtraigh (Ernst & Young) a thairg Uisce Éireann thar ceann na dTéarmaí Tagartha a leagann WAB amach agus í a bheith bunaithe orthu. Pléadh an tuarascáil "Achoimre ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta soláthair agus conarthaí Uisce Éireann chun comhlíonadh i gcoinne PD02 (an Polasaí Soláthair) agus PD03 (Na Leibhéil Údaraithe agus Ceadanna Conartha) a chinntiú" ag cruinniú leis an soláthróir seirbhíse (EY) agus Uisce Éireann i Márta 2021 agus d'fhoilsigh WAB an 20 Aibreán 2021.

Is féidir mionsonraí iomlána na tuarascála seo a fháil ar **www.wateradvisorybody.ie**

Tuarascáil Shuirbhé Uisce Éireann maidir le Seirbhís do Chustaiméirí

I Ráithe 3, 2021, bhí WAB i mbun Bunthaighde ar bhonn tairiscint iomaíoch chun tabhairt faoi shuirbhé chustaiméirí Uisce Éireann.

Taighde spriocdhírithe ar Chustaiméirí Uisce Éireann a bhí i gceist leis an suirbhé agus ba é ba chuspóir leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. tuairimí a fháil maidir leis an gcumarsáid le custaiméirí agus leis an teagmháil a dhéanann Uisce Éireann leo ó thaobh na soiléireachta, na tráthúlachta, na héifeachtúlachta, na gairmiúlachta agus na taithí iomláine de.
2. tuairim a fháil maidir leis an gcaoi ar mhaith le custaiméirí Uisce Éireann (idir chustaiméirí cónaithe agus chustaiméirí gnó) go ndéanfar cumarsáid leo amach anseo.

Ba shuirbhé spriocdhírithe é seo a rinneadh ar 628 custaiméir cónaithe agus 400 custaiméir gnó i réimsí inar chuir Uisce Éireann obair chothabhála nó feabhais i gcrích le déanaí. Rinneadh an suirbhé idir an 26 Deireadh Fómhair agus an 7 Nollaig 2021.

Níl sé i gceist go mbeadh torthaí na tuarascála ionadaíoch ar bhonn náisiúnta, ach go dtabharfadh siad léargas ar na fadhbanna a bhfuil tionchar acu ar roinnt réimse a leagtar amach.

Foilseofar príomhthorthaí agus torthaí an tsuirbhé seo in 2022.

Tuarascáil Bhliantúil WAB

D'fhoilsigh WAB a chéad tuarascáil bhliantúil i Márta 2020 a chlúdaigh an tréimhse ó bhunú WAB an 1 Meitheamh 2018 go dtí mí na Nollag 2019. Clúdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2021-31 Nollaig 2020 sa dara tuarascáil bhliantúil in Aibreán 2021.

Tá an tuarascáil bhliantúil ina chuid d'fheidhm reachtúil WAB. Seoltar na tuarascálacha chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta agus chuig an gComhchoiste Oireachtais.

Láithreán Gréasáin

Sheol WAB an suíomh gréasáin atá aige i Meán Fómhair 2019. Cuirtear cáipéisíocht amhail na tuarascálacha ráithiúla agus an tuarascáil bhliantúil leis chun go mbíonn rochtain ag an bpobal orthu. Tá sonraí maidir leis an gComhlacht, leis na comhaltaí, leis na cruinnithe agus leis an gcaoi teagmháil a dhéanamh le WAB le fáil ar an láithreán gréasáin. Leanann an láithreán gréasáin de bheith ina phríomhfhoinse eolais maidir le WAB ar thug 223 úsáideoir nua cuairt ar an láithreán in 2021.

Rannpháirtíocht leis na Meáin Shóisialta

Tháinig méadú ar líon úsáideoirí láithreán gréasáin WAB nuair a eisíodh gach ceann de Thuarascálacha Ráithiúla WAB. Thug WAB cuidiú ina leith sin trína chuntas Twitter féin a chruthú i mí Iúil 2021 chun nuacht maidir le heisiúint na dtuarascálacha a scaipeadh. Gabhann WAB buíochas le haonad cumarsáide na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta as cúnamh a thabhairt maidir le heisiúint na dtuarascálacha.

Na Meáin Chumarsáide Náisiúnta

D'oibrigh WAB chun feasacht na bpobal a mhéadú i leith obair agus spriocanna an Chomhlachta. Le gach eisiúint ráithiúil, chuir WAB an tuarascáil chun cinn ar bhonn náisiúnta agus cúnamh á fháil aige ó pháirtí caidrimh phoiblí. Bhí gach ceann de na tuarascálacha ráithiúla agus de na príomhtheachtaireachtaí atá acu clúdaithe sna meáin náisiúnta agus áitiúla agus ar an raidió roinnt uaireanta.

Acmhainní

Tacaíonn foireann bheag rúnaíochta le WAB, ach do chuid mhór de 2021, bhí folúntas lánaimseartha ag leibhéal sinsearach aige. Tugann an fhoireann seo tacaíocht do WAB mar chuid dá gcuid oibre, i dteannta na ndualgas eile atá orthu.

Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta an fhoireann rúnaíochta ar fáil a thacaíonn le WAB ina chuid oibre ar fad. €320,000 a bhí i mbuiséal WAB in 2021.

Caiteachas 2021

€47,905.65 an caiteachas a bhí ag WAB ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021.

Breithníonn na comhaltaí go bhfuil ráiteas an chaiteachais ina léargas fíor agus cothrom ar chaiteachas WAB ónar bunaíodh é.

Caiteachas	Méid
Táillí na gComhaltaí (agus ÁSPC san áireamh)	€13,292.68
Cothabháil an Láithreáin Gréasáin	€1,338.96
Priontáil agus Postas	€370.96
Foilsitheoireacht Deisce / Preasráiteas	€9,084.10
Suirbhé do Chustaiméirí	€23,818.95
Iomlán	**€47,905.65**

Aguisín 1

Tinreamh chomhaltaí WAB le linn 2021.

Comhalta	Paul McGowan	Miriam McDonald	Martin Sisk	Michelle Minihan	Dónal Purcell
22/01/2021	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
17/02/2021	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
18/03/2021	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
12/04/2021	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
18/05/2021	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
15/06/2021	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
14/07/2021	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	As láthair
31/08/2021	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	As láthair
21/09/2021	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
13/10/2021	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
09/11/2021	I láthair	As láthair	I láthair	I láthair	I láthair
09/12/2021	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
Iomlán	**12**	**11**	**12**	**12**	**10**

Aguisín 2

Téarmaí Tagartha

Bunaíodh an Comhlacht Comhairleach Uisce (WAB) faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2017 le héifeacht ón 1 Meitheamh 2018. Ghlac WAB le córas rialachais corparáide i gcomhréir le dea-chleachtas. I gcomhréir leis an Acht um Sheirbhísí Uisce 2017, tá WAB neamhspleách ina fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Is é is cuspóir leis an doiciméad seo téarmaí tagartha WAB a leagan amach. Cheadaigh na comhaltaí na téarmaí tagartha seo ("TOR") an 5 Deireadh Fómhair 2018 agus rinneadh tuilleadh athbhreithnithe orthu tar éis beirt chomhaltaí neamhspleácha an Chomhlachta a cheapadh.

1. Comhaltas

Beidh cúigear comhaltaí in WAB ina gcuimseofar fostaí ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais ("CRU"), fostaí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ("EPA"), ionadaí ón bhFóram Uisce ("AFU"), gach comhalta díobh arna gceapadh ag an Aire agus beirt chomhaltaí a bheidh le ceapadh tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ("PAS").

Níl sé de cheart ag daoine eile seachas comhaltaí WAB a bheith i láthair ag cruinnithe Boird. I gcás nach bhfuil comhalta buan WAB ar fáil chun bheith i láthair ag cruinniú áfach, féadfaidh an comhalta sin comhalta eile a ainmniú óna n-eagraíocht féin chun bheith i láthair ina áit. I gcás inar ainmnigh an Cathaoirleach comhalta eile chun freastal ar an gcruinniú ina (h)áit, ní mór comhalta buan WAB cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú. Féadfar cuireadh a thabhairt d'fhoireann na Rúnaíochta agus do dhaoine eile freastal ar aon chruinniú ar fad nó ar chuid d'aon chruinniú, de réir mar is iomchuí agus is gá agus nuair is iomchuí agus is gá.

Tréimhse suas le cúig bliana a bheidh i gceist le ceapacháin chuig WAB, a bhféadfar síneadh le haghaidh tréimhse amháin eile suas le cúig bliana a chur leo.

I gcás ina mbíonn oifig an Chathaoirligh folamh, ceapfaidh an tAire duine de chomhaltaí WAB chun cathaoirleacht a dhéanamh ar a chruinnithe go dtí go mbeidh Cathaoirleach ceaptha ag an Aire.

2. Rúnaíocht WAB

Cinnteoidh Rúnaíocht WAB go bhfaighidh na comhaltaí an t-eolas agus na páipéir ar bhealach tráthúil chun go mbeidh siad in ann na fadhbanna a bhreithniú go hiomlán agus i gceart.

Tá an Rúnaíocht freagrach as ionduchtú foirmiúil chomhaltaí nua WAB agus as meantóireacht a eagrú do chomhaltaí nuair is gá le tacaíocht a fháil ó Chomhaltaí Boird ex-officio de réir mar is iomchuí.

3. Feidhmeanna Reachtúla WAB

Leagtar amach an creat reachtúil lena rialaítear WAB i gcuid 7 den Acht um Sheirbhísí Uisce. San Acht sin, leagtar síos in alt 43(3) go mbeidh an Comhlacht Comhairleach neamhspleách ina fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tá feidhmeanna substainteacha WAB leagtha amach in Alt 44, arb iad sin na feidhmeanna seo a leanas:

a) Comhairle a thabhairt don Aire maidir leis na bearta is gá chun feabhas a chur ar trédhearcacht agus ar fhreagracht Uisce Éireann chun críoch mhuinín an phobail a mhéadú i leith Uisce Éireann;

b) Tuarascáil chuig an gCoiste maidir le feidhmíocht Uisce Éireann ina phlean gnó a chur chun feidhme a sholáthar, ar bhonn ráithiúil, ag féachaint go háirithe don mhéid seo a leanas:

a. Bonneagar a sholáthar agus laghdaithe i sceitheadh;

b. Feabhsuithe ar chostais a laghdú agus ar an éifeachtúlacht;

c. Feabhsuithe ar chaighdeán an uisce, lena n-áirítear deireadh a chur le fógraí maidir le huisce a fhiuchadh;

d. Polasaithe soláthair, luach saothair agus foirne; agus

e. An fhreagrúlacht do riachtanais pobal agus fiontair.

Agus WAB ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna atá leagtha amach thuas, braithfidh sé a mhéid agus is féidir ar aschuir/ar thuarascálacha EPA, AFU agus CRU atá ann cheana chun a thuarascálacha a chur le chéile. Chun é seo a éascú leagtar síos sa reachtaíocht gur cheart do WAB, a mhéid agus atá sé de réir chomhlíonadh a fheidhmeanna, an comhoibriú riaracháin a chinntiú idir é féin agus CRU, EPA, Eriva, Uisce Éireann agus An Fóram Uisce. Sa chomhthéacs sin, is féidir le WAB socruithe a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ó am go ham leis na comhlachtaí seo chun gur féidir leis na feidhmeanna seo a leanas a dhéanamh –

- Comhoibriú a éascú i gcomhlíonadh fheidhmeanna faoi seach na gcomhlachtaí sin a mhéid is a bhaineann siad le hUisce Éireann;
- Dúbailt na hoibre a dhéanann WAB agus na comhlachtaí eile sin a sheachaint;
- A chinntiú go gcomhoibreoidh na comhlachtaí eile sin lena chéile ar bhealach a chuireann feidhmíocht WAB agus a fheidhmeanna chun cinn; agus
- Comhsheasmhacht a chinntiú idir cinntí a dhéanann na comhlachtaí sin agus iarracht á déanamh acu
- feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar fhreagracht Uisce Éireann.

4. Freagrachtaí a Thuairisciú

Ar bhonn ráithiúil, soláthróidh WAB tuarascáil chuig an gCoiste Oireachtais iomchuí maidir le feidhmíocht Uisce Éireann ina phlean gnó a chur chun feidhme.

Déanfaidh WAB, tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán i ndiaidh na chéad bhliana féilire iomláine tar éis lá a bhunaithe, tuarascáil bhliantúil WAB a ullmhú agus a chur ar aghaidh chuig an Aire. Beidh an Tuarascáil Bhliantúil i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna WAB le linn na tréimhse ónar bunaíodh é, agus ar an 30 Aibreán gach bliain ina dhiaidh sin cuirfear ar aghaidh tuarascáil bhliantúil i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna i rith na bliana féilire roimhe sin. Ní mór don Aire an tuarascáil sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

5. Feidhmeanna eile WAB

Coinneoidh WAB forbairtí rialachais corparáide faoi athbhreithniú (agus ceisteanna a bhaineann le cúrsaí eitice san áireamh) a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gComhlacht Stáit, a bhfuil sé d'aidhm aige a chinntiú go bhfuil a pholasaithe agus a chleachtais maidir leis an rialachas corparáide ag teacht le dea-chleachtas.

Cinnteoidh WAB go gcloífear leis na prionsabail agus leis na forálacha a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (agus in aon chóid rialachais corparáide a bhfuil feidhm acu leis).

6. Na Feidhmeanna a Chomhlíonadh

Féadfaidh WAB an oiread foghrúpaí agus is gá a bhunú chun cúnamh a thabhairt dó a dhualgais a chomhlíonadh. Féadfar comhaltaí a áireamh sna foghrúpaí sin nach comhaltaí WAB iad má tá scileanna speisialaithe de dhíth. I gcás ina mbunaítear foghrúpa:

- sonrófar na téarmaí tagartha i scríbhinn agus ceadóidh WAB iad agus déanfar athbhreithniú orthu gach bliain;
- déanfaidh WAB, nuair a bheidh Cathaoirleach ainmnithe aige, a chomhaltaí a cheapadh;
- gheobhaidh WAB tuarascálacha ón bhfoghrúpa a bhaineann leis an ngníomhaíocht a dhéanann an grúpa;
- cuirfear gach prótacal a bhaineann le feidhmiú WAB i bhfeidhm san fhoghrúpa; agus
- scaipfear nótaí na gcruinnithe foghrúpa ar gach comhalta WAB.

7. Córam

Triúr comhaltaí a bheidh sa chóram atá riachtanach chun gnó a dhéanamh. Beidh cruinniú WAB a thionóltar go cuí a mbíonn córam i láthair aige inniúil ar gach ceann nó ar aon cheann de na húdaráis, de na cumhachtaí agus de na roghanna is infheidhmithe ag WAB a chomhlíonadh.

8. Údarás

Faoi réir an Achta um Sheirbhísí Uisce 2017, beidh na cumhachtaí uile ag WAB agus atá riachtanach agus oiriúnach dá fheidhmeanna a chomhlíonadh.

WAB
Water Advisory Body

Web: www.wateradvisorybody.ie **Email:** info@wab.gov.ie